CLÁR OILIÚNA CEIRDE/EARRAÍ BRONNTANAIS 2012

Ba iad Méabh Ring agus Alan O'Meara a réachtáil an clár seo thar 3 lá iomlána. Is riachtanas gnó fíorthábhachtach é san earnáil **CHEARDAÍOCHTA** ábhar tacaíochta brandáilte agus margaíochta a fhorbairt chun na táirgí ceirde a chur chun cinn agus chun bunbhrí an táirge a chur in iúl don tomhaltóir, lasmuigh de dhéantús an táirge ceirde é féin. Na daoine agus na tomhaltóirí a cheannaíonn branda ceirde, ní bhíonn meas acu ar an ábhar fisiciúil, na teicníochtaí ceirde agus gnéithe an táirge amháin ach is ríthábhachtach le mórán díobh an teachtaireacht, an mothúchán agus sainbhrí an táirge ceirde.

Imríonn spreagthachtaí ceannaigh ar nós 'lámhdhéanta in Éirinn', na siombail agus an oidhreacht a bhaineann leis an dearadh, an nasc gaoil, earra a bheith ina earra aonuaire agus uathúlacht

earra tionchar ar an tomhaltóir atá chun earra ceirde a cheannach. I súile an tomhaltóra is ionann branda Ceirde agus an mothúchán, an tsainbhrí, an próiseas cruthaitheach, an inspioráid a spreag cruthú an táirge. Tá féiniúlacht acu go léir a líonann an táirge ceirde atá ar díol.

Sa chlár seo pléadh na riachtanais seo go léir ar shlí a bhí dírithe ar luach na dtáirgí a chur chun cinn an oiread is féidir trí leas a bhaint as na modhnóirí cumarsáide branda nua-aimseartha agus as scileanna sna meáin shóisialta.



SHOWCASE - TAISPEÁNTAS CRUTHAITHEACH NA HÉIREANN



Dhein an Bord socrú do 5 chliant ceirde ó Iarthar Chorcaí chun a gcuid oibre a chur ar thaispeáint ag Showcase 2012 san RDS i mBaile Átha Cliath ón 23 – 26 Eanáir 2012 i gcomhar le Boird Fiontair Chontae agus Chathair Chorcaí. Seo hiad seo na cliant a ghlac páirt:

- Carmel Cronin, Cronin's Forge
- Les Elliot & Audrey Rynhart, Rynhart Fine Art Bronze
- Harriet Roche, Cattapilla Designs
- Sally Miller, Sally Miller Collection
- Mary & Graham Gosling, Gosling Games

D'éirigh go hiontach ar fad leis an ócáid: bhí deis ag na cliant bualadh lena gcustaiméirí reatha agus boinn chustaiméirí agus teagmhálacha nua a fhorbairt. Ba í Maeabh Ring comhordaitheoir na hócáide thar ceann Boird Fiontair Chontae agus Chathair Chorcaí.

Uachtaran na Éireann, Michael D Higgins ag oscailt Showcase 2012 i dteannta Michael Hanley, POF, Bord Fiontair Iarthar Chorcaí agus Audrey Ryanhart ón "Ryanhart Collection"

Simone O'Shaughnessy, ba-goose fleece clothing agus Michael Hanley, POF, Bord Fiontair Iarthar Chorcaí.



AN TARDCHLÁR BIA 2012

Le blianta beaga anuas deineann Boird Fiontair Chontae agus Chathair Chorcaí clár forbartha gnó bia do Ghnólachtaí Beaga agus Meánmhéide a réachtáil dá ngairtear “Advanced Food” (Ardchlár Bia). Ba é Bullseye Marketing a réachtáil an clár thar ceann na mBord thar 4 lá. Bhí 3 chliant ó Iarthar Chorcaí rannpháirteach ann.

Bhain na rannpháirtithe leas as lá iomlán de sheisiúin oiliúna, cuairt miondíola ar Chorcaigh, deontas margaíochta dar luach €500 agus fuair gach cliant 12 sheisiún meantóireachta duine le duine. Ina theannta sin cuireadh deis ar fáil do na cliaint a gcuid earraí a chur ar thaispeáint ag SHOP 2012 i mí Mheán Fómhair.



EOLAS TOSAIGH AR CHUNTAIS SAGE

Reáchtáladh an cheardlann eolas tosaigh ar Chuntais Sage dhá uair, ar an 1 Bealtaine agus ar an 6 Samhain. Ghlac 23 chliant ó Iarthar Chorcaí páirt. Is é ba chuspóir don cheardlann ná oiliúint a chur ar na cliaint sna scileanna seo a leanas:

- Go mbeidh ar a gcumas cuntas custaiméara agus soláthraí a chur ar bun
- Iontrálacha mórleabhair custaiméara agus soláthraí a dhéanamh go muiníneach
- Tuiscint mhaith a bheith acu ar oibriú CBL
- Barrchleachtas maidir le réitigh bhainc a fhoghlaim
- Tuairiscí ar shean-iarmhéideanna feichniúnaithe agus creidiúnaithe a oibriú
- Meas a fháil ar an luach atá ar rianú sócmhainní & dliteanais.
- Tuiscint a fháil ar an tslí a ndeintear gnó a bhainistiú trí phríomhtháscairí feidhmíochta ar nós Brabúis & Caillteanais, sreabhadh airgid.



TIONSCNAIMH NA MBAN I MBUN GNÓ

Reáchtáil an Bord an chéad ócáid líonraithe do mhná i mbun gnó i 2012 Dé Luain an 16 Aibreán in Ostán “Lodge and Spa” Inse Domhnaigh i gCloich na Coillte. Cuireadh an ócáid ar siúl faoi fhóram líonraithe Líonra Iarthar Chorcaí de chuid an Bhoird. Ba é Therese Ryan ó Renewal Consultants an príomhchainteoir agus labhair sí faoi bhainistiú agus cothromaíocht oibre agus saoil.

D’fhreastail 40 bean gnó air, idir mhná atá ag tosnu i mbun gnó agus mhná atá ina bhun le fada an lá. Thánadar ó eárnálacha ar nós bia, déantús, turasóireacht, ealaín & ceardaíocht, sláinte agus folláine agus gnólachtaí a sholáthraíonn seirbhísí áitiúla.

Mar thoradh ar an ócáid seo tá sé i gceist ag an mBord ócáidí líonraithe breise do mhná i mbun gnó a réachtáil ar fud Iarthar Chorcaí le linn 2013.

1. Collette Twomey ó Clonakilty Black Pudding le Michael Hanley, POF, Bord Fiontair Iarthar Chorcaí

2. Deirdre O’Mahony agus Christine Heffernan ó Bhord Fiontair Iarthar Chorcaí le Therese Ryan ó Renewal Consultants

3. Christine Heffernan, Bord Fiontair Iarthar Chorcaí agus James Burke ó James Burke Associates le rannpháirtithe i gclár miondíola Dr. na Bandan



CLÁIR FORBARTHA MIONDÍOLA CHLOICH NA COILLTE AGUS DHROICHEAD NA BANDAN

Mar fhreagra do riachtanais miondíoltóirí i mbailte Iarthar Chorcaí agus mar thoradh ar na tuilte a mhill a lán gnóthaí i gCloich na Coillte agus i nDroichead na Bandan dhein an Bord cinneadh maoiniú a leithdháileadh ar Chlár Forbartha Miondíola nua do mhiondíoltóirí an dá bhaile. Bhí 24 mhiondíoltóir san iomlán rannpháirteach sa chlár.

Tá sé beartaithe an clár píolótach nua a chur ar siúl i mbaile eile in Iarthar Chorcaí de réir a chéile i 2013. Sheachadaigh James Burke ó James Burke Associates an clár thar ceann an Bhoird agus chuir an saineolaí marsantachta Celine Cummins an cheardlann dheiridh i láthair in éineacht le James.

Is é ba chuspóir don gclár seo ná miondíoltóirí na huirlisí nua a thabhairt a chabhróidh leo a gcuid díolachán a mhéadú in aimsir seo na ndúshlán eacnamaíoch. Tugadh rátaíl den scoth ar fad don gclár agus bhí éifeacht mhór aige ar na miondíoltóirí a ghlaic páirt.



TAISPEÁNTAS “BLAISEADH Ó CHORCAIGH” IN AMSTERDAM 2012

Misean Gnó Bhia agus Taispeántas Trádála dhá lá le haghaidh táirgeoirí bia ó Chontae Chorcaí ab ea Taste Cork Amsterdam. Bhí sé dírithe ar mhargadh na hÍsiltíre agus bhí sé ar siúl Dé Céadaoin 2 agus Déardaoin 3 Bealtaine 2012. Comhfhiontar de chuid na mBord Fiontair Chontae agus Chathrach, Comhairle Chontae Chorcaí agus Bullseye Food Marketing ab ea an ócáid seo.

Ba é méara na Contae, an Comhairleoir Tim Lombard a chuir tús leis an ócáid go hoifigiúil. Chuir 54 tháirgeoir bia ó Chontae Chorcaí táirgí ar fáil le haghaidh na hócáide seo. Cuireadh ar thaispeáint iad agus deindeadh margaíocht orthu don lucht freastail. Is é ba chuspóir iomlán don misean um dhíolacháin easportála an ghnó bia ná díolachán easportála tairgeoirí bia Chorcaí a chur chun cinn san Ísiltír trí díriú ar phríomhallmhaireoirí, príomhdháileoirí, gníomhairí, chefeanna, tábhairní Éireannacha agus miondíoltóirí speisialtachtaí bia na hÍsiltíre.

Tiomsaíodh 3,000 teagmháil thrádála ó earnáil bia na hÍsiltíre agus cuireadh isteach i mbunachar sonraí iad. Áis fhíorluachmhar é seo do ghnóthaí bia Chorcaí agus chun ócáidí a eagrú amach anseo. Daingníodh díolacháin dar luach timpeall ar €250,000 ag an ócáid agus tríd na teagmhálacha a deindeadh dá toradh.



AN CLÁR ‘SIOPA AR LÍNE A CHUR AR BUN’

Tá níos mó tábhacht ag baint leis an idirlíon agus forbairt suíomh gréasáin de réir a chéile mar uirlis mhargaíochta luachmhar agus mar fhoinsé ioncaim d’fhiontair bheaga, is dócha. Agus é seo á aithint ag an mBord dhein sé cinneadh ar clár ‘siopa ar líne’ a chur ar fáil i gceithre bhall in Iarthar Chorcaí. Ba é Alan O’Meara ó Almedia an teagascóir. Ghlac 40 duine páirt sa chlár.

Leis an gclár cuireadh ar chumas na rannpháirtithe a thuiscint cad atá i gceist má tá siad chun suíomh gréasáin a chur ar bun agus a dhearadh agus d’fhoghlamaíodar anailís a dhéanamh ar na roghanna éagsúla atá ar fáil dóibh. Múineadh dóibh conas leas ceart a bhaint as dá ngnóthaí agus fuaireadar eolas praiticiúil ar suíomh idirlín a fhorbairt agus a chothabháil.

Is é ba chuspóir don gcúrsa ná na rannpháirtithe a bhfuil suíomh gréasáin uathu nó iad siúd a bhfuil ceann acu cheana a chur bord ar bhord maidir le príomhghnéithe an dearadh gréasáin, idir ainmneacha fearainn a chlárú, óstáil a cheannach, nascleanúint a eagrú, leagan amach agus script.

From left to right Michael Hanley CEO, Tim Lombard Mayor of CCC, Evelyn O’Sullivan, Cork Convention Bureau, Noel O’Driscoll CCC.

Uimhir Chlárúcháin 223808

**BORD FIONTAIR CHONTAE IARTHAR CHORCAÍ TEO.
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA NACH BHFUIL
AON SCAIRCHAIPITEAL AICI)**

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

2012
RÁITIS AIRGEADAIS

CLÁR ÁBHAR

	Leathanach
Ballraíocht den Bhord agus Eolas Ginearálta	23
Ráiteas i dtaobh Rialú Innmheánach Airgeadaí	24 - 25
Tuairisc ó na Stiúrthóirí agus Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí	26
Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta	27 - 28
Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	29
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	30
Clár Comhardaithe	31
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	32 - 37

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD AGUS EOLAS GINEARÁLTA

Baill an Bhoird

Clare Holland
Eileen O'Shea
Eddie Mullins
Theresa White (*Scortha 05.03.12*)
James Hurley
Michael Hennebry (*Cathaoirleach*)
Patrick Murphy
Declan Hurley
Jackie Norton
Gerard McMahon (*Scortha 16.04.12*)
Noel O'Donovan
Jerry Sullivan
Kenneth Quinn (*Ceaptha 05.03.12*)
James Fogarty (*Ceaptha 16.04.12*)

Rúnaí

Michael Hanley

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Michael Hanley

Uimhir na Cuideachta

223808

Oifig Chláraithe

Sráid Cheant,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí.

Iniúcháirí

An tArd Reachtaire Cuntais agus Ciste,
Foirgneamh Státchiste,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.

Cuntasóirí

James Deasy & Co,
43 Sr. Wolfe Tone,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí.

Baincéirí

Banc Aontas Éireann,
Cloich na Coillte,
Co. Chorcaí.

RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Freagracht as an gcóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaím, thar ceann Bord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Iarthar Chorcaí, an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta amháin, agus ní cinnteacht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i gcuntas i gceart iad agus go gcoiscítear earráidí nó mírialtachtaí ábhartha, é sin, nó go n-aimseofaí go tráthúil iad.

Príomhnósanna Imeachta Rialúcháin

freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir;

- nósanna imeachta foirmeálta a bhunú chun mórtheipeanna rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus chun measúnú a dhéanamh orthu tríd na slite seo a leanas:

- cineál, fairsinge agus impleachtaí airgeadais na rioscaí atá os comhair an Bhoird a aithint, lena n-áirítear fairsinge agus catagóirí a mheastar gur féidir glacadh leo;
- measúnú a dhéanamh ar an seans atá ann go dtarlódh na rioscaí;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a thiteann amach a bhainistiú agus a mhaolú.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat a bhaineann le heolas rialta ar bhainistíocht, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas, mar aon le córas tarmलगin agus freagrachta. Leis sin, go háirithe, áirítear iad seo a leanas:

- córas cuimsitheach buiséadaithe a bhfuil buiséad bliantúil aige a aontaíonn Bord na Stiúrthóirí;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann Bord na Stiúrthóirí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina ndéantar comparáid idir chruthú agus réamhaisnéis airgeadais;
- spriocanna a chur chun cruthú airgeadais agus cruthú eile a thomhas;
- treoirlínte rialúcháin maidir le hinfheistíocht chaipitiúil atá sainmhínithe go soiléir.


Bhain Bord Fiontar Iarthar Chorcaí leas as seirbhísí ghnólacht cuntasóirí chun seirbhísí iniúchta inmheánacha a chur ar fáil dó. Tá obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar an anailís a dhéantar ar rioscaí a bhfuil an eagraíocht faoina lé, agus tá pleananna iniúchta inmheánacha bliantúla bunaithe ar an anailís sin. Is é an Bord Stiúrthóirí a fhaomhann an anailís a dheintear ar rioscaí agus pleananna an iniúchta inmheánaigh. Cuireann an t-Iniúcháir Inmheánach tuairisc maidir le gníomhaíochtaí inmheánacha iniúchta ar fáil don bhord gach bliain ar a laghad. San áireamh sa tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh maidir le cé chomh himleor agus éifeachtach is atá an córas um rialú inmheánach airgeadais.

Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dheineann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an iniúcháir inmheánaigh, ar obair na bhfeidhmeannach de chuid Bhord Fiontar Iarthar Chorcaí atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, agus ar ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta agus ina dtuairiscí eile.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE

Deimhním gur dhein an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht córas na rialuithe airgeadais inmheánacha i leith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2012.

Arna shíniú ar son an Bhoird



Cathaoirleach

Dáta: 08.04.13

TUAIRISC Ó NA STIÚRTHÓIRÍ

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

Cuireann na stiúrthóirí á dtuairisc agus na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 i láthair.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é an príomhchúram atá ar an mBord ná cúnamh a chur ar fáil chun fostaíocht a chruthú agus a chothabháil i bhfiontair bheaga atá inmharthana ó thaobh tráchtála de in Iarthar Chorcaí.

Torthaí agus Díbhinní

Leagtar amach torthaí cuntasaiochta don bhliain i ráitis airgeadais agus i nótaí lena mbaineann ar leathanaigh 27 go 34.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Cosnaítear leas fostaithe na cuideachta trí cloí go docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Deintear ceanglais áirithe a fhorchur ar fhostóirí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus tá an chuideachta tar éis gníomhú mar a bhí riachtanach lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht, le n-áirítear ráiteas sábháilteachta a ghlacadh.

Iniúcháirí

Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar an mBord de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Éilíonn dlí na gcuideachtaí go gcaithfidh stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú le haghaidh gach bliain airgeadais, agus go gcaithfear léargas fíor agus cothrom a chur ar fáil sna ráitis sin ar chúrsaí na cuideachta mar aon le hioncam agus caiteachas don bhliain sin. Nuair atá ráitis airgeadais á n-ullmhú, éilítear ar na stiúrthóirí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- polasaithe cuntasaiochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama,
- ráitis a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin más bonn míchuí é sin,
- na cásanna inar leanadh caighdeáin chuntasaiochta a lua, nuair is infheidhmithe, faoi réir aon imeachta ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Dearbhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach leis, as réadmhaoín na cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, bearta réasúnacha a ghlacadh d'fhonn calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Lena chinntiú go gcoimeádtar leabhair agus taifid chuntasaiochta chearta de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, bhain an chuideachta leas as seirbhísí gnólacht cuntasóirí cáilithe agus coimeádadh córais cuntasaiochta chuí. Tá na cuntais á gcoimeád in oifig chláraithe na cuideachta.

Cathaoirleach



Dáta 08.07.13

Stiúrthóir



Dáta 08.07.13

RÁITEAS MAIDIR LE POLASAITHE CUNTASAÍOCHTA

1. Bunús na Cuntasaiochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasaiochta, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir na bprionsabal cuntasaiochta a nglactar i gcoitinne leo faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais a mholann comhlachtaí aitheanta cuntasaiochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear Sócmhainní Seasta ar a gcostas stairiúil nó ar a luach lúide dímhéas fabhráithe.

Gearrtar dímhéas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mhéid chothrom, ag na rátaí atá luaite thíos, chun go díscríobhfad sócmhainní, a choigeartaítear ar mhaithe le luach iarmharthach measta, thar an am iomlán atáthar ag súil go mbainfear úsáid astu.

Troscán 12.5%

Trealamh Oifige 20%

3. Deontais ón Oireachtas

Cuirtear Deontais ón Oireachtas san áireamh ar bhonn fabhráithe. Cuireann Fiontar Éireann Deontais ón Oireachtas ar fáil thar ceann an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta.

4. Deontais Iníoctha

Fabhraítear deontais sna ráitis airgeadais nuair a bhíonn na coinníollacha ordaithe comhlíonta ag na deontaithe.

5. Cuntas Caipitil

Sa Chuntas Caipitil, léirítear luach an ioncaim gan amúchadh a úsáidtear le haghaidh cuspóirí caipitil.

6. Aisiocaíochtaí Cúnamh Inaisíoctha

D'fhéadfaí Cúnamh inaisíoctha a chur ar fáil mar dheontais inaisíoctha nó mar infheistíochtaí i Scaireanna Tosaíochta nó i nGnáthscaireanna. D'fhéadfaí na méideanna a fhaightear mar aon le ús nó gnóthachan ar bith a úsáid chun tuilleadh íocaíochtaí a dhéanamh faoi Bheart 1. De bhrí go mbraitheann aisiocaíochtaí ar fheidhmíocht an fhiontair ní thugtar i gcuntas iad ach amháin nuair a fhaightear iad. Iarchuirtear aithint a leithéidí d'fháltais mar chaiteachas i mBeart 1 go dtí go leithdháiltear iad.

7. Nóta Polasaí Cuntasaíochta maidir le hAoisliúntas agus FRS 17: Pinsin

Foráiltear le hAlt 10 (4) (g) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 gur féidir le Boird Fiontair Chontae foireann (príomhoifigeach feidhmiúcháin san áireamh) a earcú i slí agus faoi théarmaí atá faofa ag an Aire (le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) a mheasfadh an Bord a bheith inmhianaithe nó riachtanach lena chuspóirí a chur ar aghaidh.

D’fhaomh an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta, le toiliú an Aire Airgeadais, Aoisliúntas agus Scéimeanna Aoisliúntais do Chéilí agus do Leanáí gaolmhara a thabhairt isteach don Bhord. Tugadh Scéimeanna Aoisliúntais isteach d’fhoireann an Bhoird i 2008 agus go dtí go bhfaighfear faomhadh foirmeálta, tá údarás tugtha ag an Aire Post, Fiontair agus Nuálaíochta don Bhord, le toiliú an Aire Airgeadais, na scéimeanna a fheidhmiú, bunaithe ar Scéim Aoisliúntais Eiseamlárach do Státsheirbhísigh, ar bhonn riaracháin. Feidhmítear na scéimeanna ar bhonn “íoc mar a úsáidtear” a chiallaíonn nach réamh-mhaoinítear na sochair trí ranníocaíochtaí a chur isteach i gciste ar leith atá á rialú ag iontaobhaithe.

Baineann na socruithe le híocaíocht ranníocaíochtaí ó fhostaithe le Fiontar Éireann agus leis an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta chun go gcuireann an Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta airgead ar fáil don Bhord trí Fhiontar Éireann, d’fhonn costas na sochar a íoc mar a bhíonn siad dlite.

Tá machnamh á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair go bhféadfaí na scéimeanna a athstruchtúrú ina scéimeanna a chuimseodh na Boird Fiontair Chontae ar fad.

Tá an Bord ag feithimh ar réiteach na n-héiginnteachtaí seo faoi na scéimeanna. Dá bhrí sin níl forálacha nochta FR17 de chuid na scéime sochair sainithe curtha i bhfeidhm ag an mBord.

AN TARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

Bord Fiontair Chontae Iarthar Chorcaí Teoranta

Tá ráitis airgeadais Bhord Fiontair Chontae Iarthar Chorcaí Teoranta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (leasú), 1993. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis sin, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus na nótaí a ghabhann leis. Is dlí infheidhmithe í an chreatlach tuairiscithe airgeadais a úsáideadh chun na cuntais a ullmhú agus is Cleachtas cuntasaíochta í a nglactar go ginearálta leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Stiúirthóirí

Tá na Stiúirthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor cothrom ar riocht gnóthaí na cuideachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht idirbhearta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é m’fhreagrachtsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déanaimse m’iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe ar leith a ghabhann le Comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Déanaimse m’iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (RA agus Éire) agus de réir Caighdeán Eiticiúil d’Iniúcháirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Raon an Iniúchta a dhéantar ar na Ráitis Airgeadais
Is é a chuimsítear in iniúchadh ná faisnéis dhóthanach a fháil ar mhéideanna agus ar a nochtar sna ráitis airgeadais chun cinnteacht réasúnach a fháil nach bhfuil aon mhíráiteas ábhartha iontu, is cuma an calaois nó earráid is cúis leis. Chuige seo déantar a mheas

- cé acu an n-oireann nó nach n-oireann na beartais cuntasaíochta do chúinsí na cuideachta agus cé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus ar nochtadh go cuí iad.

- réasúntacht meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais

Ina theannta sin faighim faisnéis faoi rialtacht idirbhearta airgeadais agus an t-iniúchadh idir lámha agam.

Lena chois sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an

Bhoird d’fhonn neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aimsiú. Má fhaighim míráiteas nó neamhréireacht ábhartha follasach ar bith breathnaim ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

Gan mo thuairim a mhaolú dírim aird ar an mBeartas Cuntasaíochta i dtaobh pinsean a mhíníonn an chúis nár cuireadh forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 i bhfeidhm.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim

- tugtar léargas fíor cothrom sna Ráitis Airgeadais, de réir an Chleachtas Cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn, ar riocht gnóthaí na cuideachta mar a bhíodar ar an 31 Nollaig 2012 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain 2012; agus

- ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2012.

Tá gach eolas agus gach míniú faighte agam atá riachtanach, i mo thuairim, chun críocha m’iniúchta. De réir mo thuairimse choinnigh an chuideachta leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is í mo thuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil an Stiúirthóra ar aon dul leis na ráitis airgeadais.

Gan mo thuairim a mhaolú dírim aird ar an mBeartas Cuntasaíochta i dtaobh pinsean a mhíníonn an chúis nár cuireadh forálacha an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 17 i bhfeidhm.

Gnóthaí a dtugaim tuairisc orthu mar Eisceacht Tuairiscím mar eisceacht

- má tá ásc ábhartha tugtha faoi deara agam i m’iniúchadh nár úsáideadh airgead chun na críocha dá raibh sé ceaptha nó más rud é nach raibh na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó

- Nach bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dTuarascáil Bhliantúil comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais lena mbaineann sí, nó

- nach léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach go gcomhlíonann an chuideachta an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, nó

- má thugaim faoi deara gnóthaí ábhartha eile i ndáil leis an tslí inár cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu d’eisceacht.

Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
27 Iúil 2013

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2012


		2012	2011
	Nótaí	€	€
Deontaisí ón Oireachtas	1(a)	828,100	580,751
Aistriú ó Ioncam Iarchurtha	3(c)	31,008	69,889
Ioncam eile	1(b)	74,201	49,377
		<u>933,309</u>	<u>700,017</u>
Aistriú (go) / ó Chuntas Caipitil	7	(13,382)	1,520
		<u>919,927</u>	<u>701,537</u>
Cúnamh Airgeadais Roghnaitheach	2	288,145	181,234
Forbairt Fiontraíochta agus Cumais	4	291,324	218,130
Riarachán / Ionad Eolais Tosaigh	5	340,458	302,173
Iomlán		<u>919,927</u>	<u>701,537</u>
Farasbarr / (Easnamh) don bhliain		<u>-</u>	<u>-</u>

Níl aon bhrabús nó cailteantas déanta ag an mBord sa bhliain airgeadais nó sa bhliain airgeadais roimhe sin ach amháin iad sin a luaitear sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Baineann torthaí na bliana le hoibriúcháin leantacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais é an ráiteas ar pholasaithe cuntasaióchta i dteannta nótaí 1 go 16.

Cathaoirleach




Dáta: 8.07.13

Stiúrthóir



Dáta: 8.07.13

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Dáta: 8.07.13


CLÁR COMHARDAITHE

amhail an 31 Nollaig 2012

		2012	2011
	Nótaí	€	€
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	6	19,107	5,725
Sócmhainní Reatha			
Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		60,333	89,989
Banc		128,187	120,997
Mionairgead		<u>162</u>	<u>91</u>
		188,682	211,077
Dliteanais Reatha			
Ioncam iarchurtha	3(c)	(101,364)	(115,888)
Deontaisí réamhíochta ón Oireachtas		(73,050)	(83,725)
Creidiúnaithe agus Fabhruithe		<u>(14,268)</u>	<u>(11,464)</u>
		(188,682)	(211,077)
Fiachais Reatha Ghlana		-	-
Sócmhainní Glana		<u>19,107</u>	<u>5,725</u>
Caipiteal agus Cúlchistí			
Cuntas Caipiti	7	19,107	5,725
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>-</u>	<u>-</u>
		19,107	5,725

Is cuid de na ráitis airgeadais é an ráiteas ar pholasaithe cuntasaióchta i dteannta nótaí 1 go 16.

Cathaoirleach




Dáta: 08.07.13

Stiúrthóir



Dáta: 08.07.13

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Dáta: 08.07.13

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012

1 (a) Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird

Deontais ón Oireachtas
Foráiltear le hAlt 10(2) den Acht um Fhorbairt Tionscail 1995 go ndéanfaidh an tAire Post, Fiontair agus Nuálaíochta deontais a íoc leis an mBord. Faoi Ionstraim Reachtuil Uimh. 655 de 2006, íocann Fiontar Éireann deontais thar ceann an Aire. Cuirtear caiteachas an Bhoird i bhfeidhm ar bhearta faoin bhFochlár Fiontair Áitiúil, is é sin, Tosaíocht Nuálaíochta agus Geilleagair Eolasbhunaithe, a bhaineann le Clár Oibriúcháin Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013.
Seo a leanas na bearta
Beart 1 – Cúnamh Roghnaitheach Airgeadais
Beart 2 – Forbairt Fiontraíochta agus Cumais

1 (b) Ioncam Eile

	2012	2011
	€	€
Cláracha Forbairt Bainistíochta	22,760	2,800
Oiliúint	14,810	14,185
Meantóireacht	850	35
Cur chun cinn Fiontraíochta	29,320	30,120
Ioncam eile	6,461	2,237
	74,201	49,377

2. Cúnamh Airgeadais - Deontais

Cuireann an Bord cúnamh deontais ar fáil, agus má ghlactar leis, fanfaidh sé bailí mar cheangaltas ar an mBord ar feadh tréimhse sonraithe nó sna cúinsí a sonraítear nuair atá sé á cheadú. Chuir an Roinn maoiniú €283,567 ar fáil i 2012 chun íoc as Cúnamh Roghnaitheach Airgeadais. Seo a leanas mar a d’eascair ceangaltais an Bhoird a bhí gan íoc an 31 Nollaig 2012:

	Deontaisí	Cúnamh Deontais inaisíoc	Scaireanna Tosaíochta	Iomlán
	€	€	€	€
Ceangaltais Deontais ar 1ú Eanáir 2012	153,091	60,039	20,000	233,130
Méideanna ceadaithe sa bhliain	252,355	91,867	-	344,222
	405,446	151,906	20,000	577,352
Dícheangailte - Méideanna ceadaithe i 2012	32,312	13,848		46,160
- Méideanna ceadaithe roimh 2012	47,995	20,570	-	68,565
	325,139	117,488	20,000	462,627
Caiteachas	205,602	82,543	-	288,145
Ceangaltais 31ú Nollaig 2012	119,537	34,945	20,000	174,482

Beart 1: Caiteachas €288,145 a chuimsíonn Deontaisí Méadaithe Ghnó: €67,609, Deontaisí Prímeála: €189,529 agus Deontaisí Inaisíochta: €31,007.

Chuathas i gCeangaltais a bhí gan íoc ar an 31 Nollaig 2012 mar seo a leanas:

Roimh an 31 Nollaig 2011	20,000
I ndiaidh an 01 Eanáir 2012	154,482

3. Cúnamh In-aisíochta

(a). Infheistíochtaí

€20,000 an méid a bhí infheistithe i Scaireanna Tosaíochta ar an 31 Nollaig 2012. Toisc nach féidir luach na scaireanna seo a mheas go cruinn, ar scaireanna iad a bhí ag brath ar fheidhmiú na bhfiontar, níor caipitlíodh na scaireanna ar an gClár Comhardaithe. Cuireadh Díbhinní, ús agus aisíocaíochtaí a fuarthas san áireamh ar bhonn airgid tirim. D’fhéadfadh go n-úsáideann an Bord Fiontair fáлтаis den sórt seo ar mhaithe le deontais breise a mhaoiniú.

Bhí na hinfheistíochtaí seo a leanas á gcoinneáil ag an mBord ar an 31 Nollaig:

Ainm na Cuideachta	Cineál Scaire	2012 Méid	2011 Méid
Tuxenergy	Scaireanna Tosaíochta	20,000	20,000

Déanann an bord athbhreithniú ar infheistíochtaí, agus i gcás go measann sé nach n-íocfar an infheistíocht ar ais, cinnfidh an Bord an mhéid a dhíscríobh. Níor díscríobhadh aon infheistíocht i 2012.

(b.) Cúnamh deontais inaisíochta

Ós rud é go mbraitheann aisíocaíochtaí ar fheidhmiú na bhfiontar ní chuirtear méideanna atá amuigh san áireamh mar shócmhainn ar an gClár Comhardaithe. Cuirtear aisíocaíochtaí a fhaightear san áireamh ar bhonn airgid thirim. D’fhéadfaí go n-úsáideann an Bord Fiontair fáltais den tsórt seo chun tuilleadh deontaisí a mhaoiniú.

	2012	2011
	€	€
Iarmhéid 1 Eanáir	107,674	103,931
Arna eisiúint i 2012	82,543	54,370
Arna aisíoc i 2012	(31,484)	(50,021)
Arna dhíscríobh	<u>(19,793)</u>	<u>(606)</u>
Iarmhéid 31 Nollaig	138,940	107,674
Dlíte laistigh de 12 mh	48,869	46,541
Dlíte tar éis 12 mhí	<u>90,071</u>	<u>61,133</u>
	<u>138,940</u>	<u>107,674</u>

Déanann an Bord athbhreithniú ar iarmhéideanna atá dlite agus más dóigh leis gur dócha nach n-aisiocfar iad cinnfidh sé an méid a dhíscríobh. Díscríobhadh €19,793 i 2012.

(c). Athleithroinnt na bhFáltas as Cúnamh Inaisíochta	2012	2011
	€	€
Iarmhéid fáltas ó Chúnamh Inaisíochta ar an 1Eanáir	115,888	135,756
Íocaíochtaí as Beart 1 a tugadh ar aghaidh ó Ioncam Iarchurtha	(31,008)	(69,889)
Fáltais as Cúnamh Inaisíochta:		
Cúnamh Deontais Inaisíochta	31,484	50,021
Athaicmiú	(15,000)	
Infheistíochtaí		
Ús/Díbhinní		
Iarmhéid fáltas as Cúnamh In-aisíochta ar láimh an 31 Nollaig	<u>101,364</u>	<u>115,888</u>

Baineann athaicmiú le deontas M1 de chuid Chomhairle Chontae Chorcaí a aicmíodh mar dheontas iarchurtha sa bhlain roimhe.

4. Forbairt Fiontraíochta agus Cumais

	2012	2011
	€	€
Cláracha le haghaidh Forbairt Bainistíochta	45,393	29,902
Oiliúint	101,196	65,609
Meantóireacht	35,211	30,505
Oideachas Fiontair	16,243	16,455
Cur chun cinn Fiontair	86,371	74,057
Caiteachas eile	<u>6,910</u>	<u>1,602</u>
	<u>291,324</u>	<u>218,130</u>

5. Costaisí Riaracháin/Costais Ionad Eolais Tosaigh

	2012	2011
	€	€
Tuarastail	227,192	226,642
Cíos agus Rátaí	12,271	12,179
Costaisí Oifige	33,035	29,691
Costaisí Taistil	11,355	9,766
Seirbhísí dlí agus gairme	33,093	5,293
Seirbhísí Coinneáil Leabhair	7,098	7,039
Táillí Iniúcháireachta	6,580	6,392
Táillí Baine	2,215	
Caiteachas ginearálta	1	
Dímheas	5,877	3,292
Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainne seasta	<u>1,741</u>	<u>-</u>
	<u>340,458</u>	<u>302,173</u>

Sócmhainní Seasta

	Equipment	Furniture	Total
	€	€	€
Costas/Luacháil			
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2012	25,267	27,213	52,480
Méideanna breise sa bhliain	24,075	-	24,075
Diúscairtí sa bhliain	<u>(11,362)</u>	<u>-</u>	<u>(11,362)</u>
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2012	<u>37,980</u>	<u>27,213</u>	<u>65,193</u>
Dímheas Carntha			
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2012	22,913	23,842	46,755
Ar dhiúscairtí	(6,546)	-	(6,546)
Muirear don bhliain	<u>4,815</u>	<u>1,062</u>	<u>5,877</u>
Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2012	<u>21,182</u>	<u>24,904</u>	<u>46,086</u>
Glanluach na Leabhar an 31 Nollaig 2012	<u>16,798</u>	<u>2,309</u>	<u>19,107</u>
Glanluach na Leabhar an 31 Nollaig 2011	<u>2,354</u>	<u>3,371</u>	<u>5,725</u>

7. Cuntas Caipitil

	2012	2011
	€	€
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	5,725	7,245
Aistriú ó/(chuig) Cuntas		
Ioncaim agus Caiteachais		
Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a fháil	24,075	1,773
Méid amúchta de réir		
luachlaghdú sócmhainní	(5,877)	(3,292)
	18,198	(1,520)
Méid a scaoileadh ar		
Sócmhainní Seasta a chur de láimh	(1,741)	-
Fáltais árachais faighte	(3,075)	
	13,382	(1,520)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	19,107	5,725

8. Cáin

Níor deineadh aon fhoráil maidir le cáin sna ráitis airgeadais.

9. Fostaithe agus Luach Saothair

Ar an meán bhí foireann 4 fostaithe le linn na tréimhse. (Ba é 4 an líon foirne ar an mean i 2011). Is oifigeach de chuid na Roinne Post, Fiontair agus Nuálaíochta é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin. Fostaítear na baill foirne eile ar bhonn conartha. Baineadh €8,144 ón na baill foirne tríd an tobhach pinsin agus íocadh le Fiontar Éireann é.

10. Táillí Stiúrthóirí agus Tuarastal an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

Gníomhaíonn Baill an Bhoird i gcáil deonach go hiomlán agus níor íocadh aon táillí ná costais le Baill an Bhoird i 2012.

Íocadh tuarastal €88,418 leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin i 2012. Níor íocadh aon bhónas leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Aisíocadh €8,206 leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin maidir le costais taistil agus chothaithe.

Is ball é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin de scéim shochair shainithe san earnáil phoiblí atá gan maoiniú agus faoin scéim shochair shainithe san earnáil phoiblí níl aon teidlíochtaí breise aige lasmuigh de na gnáth-theidlíochtaí pinsin.

11. Aoisliúntas

Tá scéimeanna aoisliúntais á n-oibriú ag an mBord.

12. Leasa Bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais maidir nochtheadh leasa Bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo le linn na bliana. Níor deineadh .aon idirbheartaíochtaí le linn na bliana i dtaobh gníomhaíochtaí an Bhoird a raibh leas tairbhiúil ag Baill an Bhoird iontu.

13. Gnóthas Leantach

I mí Feabhra 2012 chinn an Rialtas go bhfuil ar intinn aige na Boird Fiontair a dhíscaoileadh agus Aonad um Mhicrifhiontar agus Mhionghnó a bhunú i bhFiontar Éireann. Beidh an tAonad seo ag obair as láimh a chéile leis na hÚdaráis Áitiúla chun líonra nua Oifigí Fiontair Áitiúil a chur ar bun i ngach Údarás Áitiúil. Glacann an Bord leis go leanfar de na gníomhaíochtaí go léir atá ar bun faoi láthair agus go dtabharfaidh na hOifigí Fiontair Áitiúil nua fúthu. Ina theannta sin glacann sé leis go n-aistreofar a chuid sócmhainní agus dliteanais ar fad go Fiontar Éireann. Faoi na cúinsí seo ní dóigh leis gur gá aon choigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais a léireodh aon athstruchtúrú a d'fhéadfaí a dhéanamh agus tá na cuntaisí seo ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh.

14. Foirgneamh an Bhoird

Tá an Bord lonnaithe i bhfoirgneamh i Sráid Cheant, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. Tá an foirgneamh ar cíos aige ón Údarás áitiúil. Cuireadh tús leis an gcomhaontú seo i 1995 agus tá sé i bhfeidhm ar feadh tréimhse éiginnte.

15. Dliteanas Ball

Tá teorainn €1 in aghaidh an duine ar dhliteanas na mball i gcás go ndéanfaí an chuideachta a fhoirceannadh.

16. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar an 8/7/2013.

